Tuarascáil bhliantúil Ghailearaí Ealaíne Crawford 2017

crawford art gallery cork
áiléar crawford chorcaigh

Foilsithe ag Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh

©Bord Ghailearaí Ealaíne Crawford,
2018 Gailearaí Ealaíne Crawford,
Plás Emmet, Corcaigh
Teileafón: +353 (0)21 4805042
Ríomhphoist: info@crawfordartgallery.ie
Suíomh gréasáin: www.crawfordartgallery.ie

Íomhá Clúdaigh: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda

Gailearaí Ealaíne Crawford

Tuarascáil bhliantúil 2017

Clár an Ábhair

Réamhrá *6*

Fáilte ón gCathaoirleach *7*

Réamhrá an Stiúrthóra Eatramhaigh *8*

Réamhrá an Stiúrthóra *11*

Réamhrá *13*

Bunaíocht Dlí *13*

Bord Stiúrthóirí *13*

Fochoiste Airgeadais agus Dlí *13*

Fochoiste um Bheartas Ealaíonta *13*

Bailiúchán Buan *15*

Clár Taispeántais Sealadach *23*

Clár Foghlama agus Taiscéalta *33*

Cairde Ghaileararaí Crawford *45*

Caifé Ghaileararaí Crawford *46*

Gaileararaí Ealaíne Crawford a mhargú *45*

Cuairteoirí *56*

Na Meáin Shóisialta *57*

Teidil Chreidiúna na nGrianghrafanna *58*

Réamhrá

Faoi Ghailearaí Ealaíne Crawford

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford lonnaithe i gcroílár Chathair Chorcaí agus is gailearaí nach mór do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon é a fheiceáil. Cuirtear fáilte roimh beagnach 200,000 cuairteoir gach bliain.

Tá bailiúchán leathan i nGailearaí Ealaíne Crawford ina bhfuil saothair ón 18ú haois go dtí an lá inniu. Tá na 'Canova Casts' cáiliúla ann chomh maith, tugadh do Chathair Chorcaí iad beagnach dhá chéad bliain ó shin. Tá pictiúir iomráiteacha a bhfuil an-chion orthu ó ealaíontóirí Éireannacha an 20ú haois mar chuid de bhailiúchán stairiúil an ghailearaí, ealaíontóirí mar Seán Keating, John Lavery, Jack B. Yeats, Norah McGuinness, Gerard Dillion, agus Muriel Brandt. Tá saothair ó ealaíontóirí chomhaimseartha, mar Eilis O'Connell, Maud Cotter agus Hughie O'Donoghue sa bhailiúchán nua-aimseartha. Bíonn taispeántais shealadacha ó ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar siúl sa Ghailearaí ina léirítear amharc-ealaín, taispeántas agus taispeántáin.

Cuirimid fáilte romhat taitneamh a bhaint as ár dturais saor in aisce agus sásamh a bhaint as an síocháin agus as an atmaisféar nach féidir a bheith ann ach i bhfoirgneamh chomh stairiúil agus chomh áille mar seo. Tugtar na gailearaithe nua-aimseartha agus an stair le chéile le hailtireacht an fhoirgnimh agus is cúlra iontach é do bhailiúchán a bhfuil tábhacht mór náisiúnta air.

Tá tuilleadh eolais faoi Ghailearaí Ealaíne Crawford le fáil ar:
www.crawfordartgallery.ie.

Fáilte ón gCathaoirleach

Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí, tugann sé an-áthas dom bliain iontach do Ghailearaí Ealaíne Crawford a thuairisciú. Bliain ghnóthach agus rathúil don Ghailearaí a bhí ann in 2017. Bhí caighdeán éagsúil a thabharfadh ábhar machnaimh duit ag clár an Ghailearaí. Tá méadú ann fós i líon ár gcuairteoirí agus anois táimid oscailte seacht lá na seachtaine.

Cheap an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Heather Humphries mé i mo Chathaoirleach ar Ghailearaí Ealaíne Crawford i Mí an Mhárta 2017 agus bhí sé mar phribhléid mhór dom. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an cathaoirleach atá ag dul as oifig, John Bowen, as a threoraíocht agus as a thiomantas don eagraíocht ar feadh deich mbliana anuas. Mo bhuíochas freisin do na comhaltaí boird atá ag éirí as dá n-obair luachmhar. Cuirim fáilte roimh na comhaltaí boird nua agus táim ag súil le bheith ag obair leo agus leis na comhaltaí boird atá ann.

Tá rún ag an mBord nua leanúint ar aghaidh ag cloígh leis na caighdeáin arda maidir le rialachas corparáideach a bhí mar chuid dhílis d'oibríocht an Ghailearaí. Tá Plean Straitéiseach á fhorbairt ag an mBord a bheidh ar aon dul leis an Máistirphlean Forbartha. An aidhm atá leis an bplean ná síneadh a chur leis na foirgnimh stairiúla atá ann agus iad a uasghrádú agus a bharrfheabhsú chun gailearaí a chruthú a bhaineadh an caighdeán d'Fhoras Cultúrtha Náisiúnta amach. Cuirimid fáilte mhór roimh an bhfógra, faoi Thionscadal na hÉireann 2040 i Mí an Mhárta 2018 go dtabharfar €22 mhilliún ó mhaoiniú an Rialtais do Ghailearaí Ealaíne Crawford. Leis an infheistíocht seo cuirfear tacaíocht d'athrú an Ghailearaí thar roinnt bliain chun caighdeán ár gcuairteoirí agus ár n-ealaíontóirí a bhaint amach. Beidh an gailearaí mar Fhoras Cultúrtha Náisiúnta suntasach, a bheidh tábhachtach go háitiúil agus a bheidh nasc náisiúnta agus idirnáisiúnta leis. Tá an Bord an-bhuíoch don Aire agus do na hoifigigh sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta dá dtacaíocht.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Díreachtóir atá ag dul as oifig, Peter Murray a d'éirigh as an bpost in 2017 tar éis tríocha bliain de shéirbhís a thabhairt don eagraíocht. Le linn dá thréimhse an-rathúil, rinne Peter maoirseacht ar fhoras a d'fhás ó Ghailearaí na Cathrach go Foras Cultúrtha Náisiúnta agus ar bhailiúchán a méadaíodh ó 1,500 saothar go níos mó ná 4,000 saothar ealaíne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Norma Cuddihy freisin a bhí ina Stiúrthóir eatramhach i rith na bliana. Bhí áthas orm ceapachán Mary McCarthy mar Stiúrthóir nua Ghailearaí Ealaíne Crawford a fhógairt i Mí na Nollag 2017. Táim ag súil le bheith ag obair in éineacht le Mary agus leis an bhfoireann ar fad sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Heather Humphries as a tacaíocht go léir agus guím gach rath uirthi ina ról nua. Cuirim fáilte leis an Aire Josepha Madigan agus táim ag súil le bheith ag obair léi. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh na Ranna Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gCill Airne agus i mBaile Átha Cliath. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis na ealaíontóirí agus leis na gailearaithe a chuir leis an rath a bhí orainn in 2017, leis na deontóirí agus na iasachtóirí flaithiúla, Cairde an Ghailearaí agus oibrithe deonacha, chomh maith le gach cuairteoir a bhain taitneamh as ár spás gailearaí.

In éineacht leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis an mBord, leis na fochoistí, leis an mbainistíocht agus le foireann Ghailearaí Ealaíne Crawford, táim ag tnúth le blianta gnóthacha ach iontacha roimh an nGailearaí.

Rose McHugh
Cathaoirleach

Réamhrá an Stiúrthóra Eatramhaigh

Ba bhliain láidir do Ghailearaí Ealaíne Crawford é 2017 a bhuí le hiarrachtaí dochreidte ár bhFoirne, an Bhoird, na bhFochoistí agus na n-oibrithe deonacha. Bhí clár an ghailearaí éagsúil, spreagthach agus tabharfadh sé ábhar machnaimh duit. Bhí roinnt mhaith taispeántas agus clár foghlama agus taiscéalta forleathan ann agus bhí béim níos láidre ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí agus ag na meáin shóisialta.

Is cúis mhór mhisnigh é go raibh méadú ar líon na gcuairteoirí go 188,814 cuairteoir, an líon is airde taifeadta sa Ghailearaí ó 2012.

D'éirigh Peter Murray as in 2017 tar éis tríocha bliain ag obair, ar dtús mar Choimeádaí agus le déanaí mar Stiúrthóir. Stiúir Peter an Crawford agus d'fhás sé ó bheith mar Ghailearaí na Cathrach go beith mar Fhoras Cultúrtha Náisiúnta in 2006. Le linn tréimhse Peter sa Ghailearaí choimeád sé go leor taispeántas ceannródaíoch d'ealaín stairiúil agus d'ealaín chomhaimseartha rinne sé maoirseacht ar an síneadh a cuireadh leis an
bhfoirgneamh chun sciathán taispeántais nua a chruthú in 2000. I measc na dtaispeántais den scoth a choimeád Peter bhí 0044, taispeántas suirbhéireachta d'fhiche ealaíontóir Éireannach a tugadh ar camchuairt in 1990-2000 go dtí an Albright-Knox agus go dtí an P.S.1 i Nua-Eabhrac, agus níos déanaí taispeántas George du Noyer, ealaíontóir a bhfuil an-mheas air.

Chomh maith le Peter ag éirí as, fograíodh go mbeidh Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí, John Bowen, a bhí sa ról ar feadh deich mbliana ag dul ar scor De bharr saineolas, tiomantas agus géire intinne John, tháinig an-mheas agus an-aitheantas ar an gCrawford ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn rialtais. Éiríodh leis an ngailearaí tabhartais mar Mhór-Bhailiúchán an Deiscirt agus Bailiúchán AIB agus cuireadh le neart Bhailiúchán an Ghailearaí le linn tionacht John de bharr sin.

Cheap an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Heather Humphreys Bord nua i Mí an Mhárta. Faoi stiúir an Chathaoirligh Rose Mc Hugh, bogann an Bord nua ar aghaidh le fís láidir d'fhorbairt a dhéanamh ar Ghaillearaí Ealaíne Crawford tríd an Máistirphlean Forbartha, chun tógáil ar na dúshraith agus foirgneamh atá oiriúnach don fheidhm a chruthú a bheith ar an gcaighdeán atá an pobal ag tnúth leis. Anois agus maoiniú €22 milliún ón Rialtas ag an nGailearaí beifear in ann an sainordú seirbhíse poiblí a chur i gcrích chun go mbeidh teacht ar gach duine taitneamh a bhaint as an ngailearaí trí spás gailearaí breise, spás stórála atá éifeachtúil, slán agus ina bhfuil an teas rialaithe agus clár feabhsaithe a chur ar fáil. Déantar é sin ach fós úsáidtear agus athchumraítear na páirteanna foirgnimh atá ann cheana chun lántairbhe a bhaint astu.

Agus muid ag druidim le deireadh 2017 forgraíodh ceapachán Máire Mc Carthy mar Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford agus chuir an fhoireann agus an pobal cultúrtha níos leithne fáilte chroíúil roimh an gcinneadh. Guím gach rath ar Mháire ina ról nua agus táim ag tnúth le tacaíocht a thabhairt di agus obair léi sna blianta atá le teacht ag an gcéim is tábhachtaí d'fhorbairt i stair an Ghailearaí.

Ba mhaith liom aithne a thabhairt don treoir, don chomhairle agus don rialú a thug an Bord dom le linn mo thréimhse mar Stiúrthóir Eatramhach, agus an tacaíocht agus an chomhairle a thug an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta dom, agus go háirithe a thug Kevin Lonergan, Orlaith Gleeson agus Clare Pilkington dom.

Spreagaim sibh leanúint ar aghaidh a bheith bainteach le Gailearaí Ealaíne Crawford aon am is féidir agus a bheith mar chuid dá todhchaí agus muid ag bogadh go dtí an chéad chéim eile.

Norma Cuddihy
Stiúrthóir Eatramhach Aibreán 2017 go Feabhra 2018

Réamhrá an Stiúrthóra

AG BREATHNÚ AR AGHAIDH

Is mór an áthais agus an onóir dom a bheith ceaptha mar Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford i Feabhra 2018.

Is é Gailearaí Ealaíne Crawford an t-aon Foras Cultúrtha Náisiúnta in Éirinn atá lonnaithe go hiomlán taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus is am iontach é ina fhorbairt.

Eagraíocht uaillmhianach agus sheachtrach a bhí ann i gcónaí ach anois leis na huaireannta oscailte breise - oscailte 7 lá na seachtaine, tá fócas nua againn agus bunchuspóir chun dul i ngleic leis an méid is mó saoránach agus cuairteoirí agus is féidir.

An Gailearaí leis an láthair iontach i lár na cathrach, leis na foirgnimh íocónacha, leis an mbailiúchán náisiúnta suntasach
agus le foireann agus le Bord tiomnaithe agus fhuinniúil, táimid tiomanta do thréimhse ina mbeimid ag gníomhú lenár lucht féachana, ár ealaíontóirí agus ár bpobail chun cinntiú go méadófar ár bhfreastal agus ár dtionchar.

Beidh comhoibriú an-tábhachtach i rath agus i inbhuanaitheacht Ghailearaí Ealaíne Crawford agus táimid ag tnúth ár gcaidrimh leis na geallsealbhóirí ar fad a neartú agus le caidrimh nua agus iontach a chruthú le iad nach bhfuil ceangail againn leo go fóill.

Mary McCarthy
Stiúrthóir
Feabhra 2018

Réamhrá

Bunaíocht Dlí

Bord Stiúrthóirí an chomhlachta, Gailearaí Ealaíne Crawford, cláraithe i Samhain 2006, tháinig siad le chéile 6 uair le linn 2017. Tá 11 bhall ar an mBord, ina measc ainmniúchán amháin ó Chomhairle Cathrach Chorcaí, ó Chomhairle Contae Chorcaí agus ó BOO Chorcaí. Ceapaítear Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Chorcaí go ex officio. Is í Norma Cuddihy an rúnaí cuideachta, Ceannasaí Oibriúchán.

An Bord Stiúrthóirí

Rose McHugh **(Cathaoirleach)**
Josephine Browne
Catherine Hammond
Karen Kelly
Frank Nyhan
Gareth O'Callaghan
Barrie O'Connell
Ann Doherty
Susan McCarthy
Mary Hegarty
Tim Brosnan

FOCHOISTÍ

Airgeadas agus Dlí

Ann Doherty **(Cathaoirleach)**
Frank Nyhan
Susan McCarthy
Martin O'Brien
Jim Corr

Beartas Ealaíonta agus Fochoiste

Josephine Browne **(Cathaoirleach)**
Tim Brosnan
Catherine Feehily
Catherine Hammond
Gareth O'Callaghan
Vera Ryan

Iniúchadh agus Baol

Barrie O'Connell **(Cathaoirleach)**
Dave Ronayne
Karen Kelly
Mary Hegarty

Tógáil agus Forbairt

Rose Mc Hugh **(Cathaoirleach)**
Gareth O'Callaghan
Denis Kirby
Barrie O'Connell
Ann Doherty
Jerry Carey

Bailiúchán Buan

CLÁRAITHEOIR

Déanann Oifig an Chláraitheora bainistíocht ar chlár iasachta isteach agus amach an taispeántais, chomh maith le clárú bailiúcháin, cúram an bhailiúcháin, an bailiúchán ar líne a fhorbairt agus bainistíocht ginearálta ar an mbailiúchán.

Saothair a fuartas don Bhailiúchán

Fuair Gailearaí Ealaíne Crawford 4 saothar ealaíne nua in 2017, saothair a ceannaíodh agus bronntanais agus tiomnachtaí flaithiúla a bronnadh.

Patrick Hennessy
The Angel of the Annunciation, 1953
Olaphictiúr ar chanbhás, 70 x 90.4 cm
bronnta, 2017
Cat. Uimh. 3039

Doug DuBois (b. 1960)
Rocks, 2015
Scairdphrionta ón gCartlann, 50.8 x 248.92 cm
Ceannaíodh é ón ealaíontóir, 2017
Cat. Uimh. 3048



John Minihan (b. 1946)
An File John Montague Grianghraf tógtha i Nice, An Fhrainc, 2016
Grianghraf dubh agus bán, 35 x 30 cm
Ceannaíodh é, 2017
Cat. Uimh. 3049

-



John Minihan (b. 1946)
An File Bernard O'Donoghue Grianghraf tógtha i gCathair Chorcaí, 2016
Grianghrad dubh agus bán, 35 x 30 cm
Ceannaíodh é, 2017
Cat. Uimh. 3050

IASACHTAÍ Ó GAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD DO BHAILIÚCHÁIN SHEALADACHA

Don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Cill Airne, 9 Feabhra 2017 - 12 Meán Fómhair 2017

Cat. Uimh. 766 David Hone, *A Summer's Day in Connemara*

Cat. Uimh. 2329 George Gillespie, *Lakes and Mountain Landscape*

Cat. Uimh. 375 Sylvia Cooke-Collis, *Cahirmee Fair*

Cat. Uimh. 290 Sylvia Cooke-Collis, *Potters Shed*

Cat. Uimh. 396 Desmond Stephenson, *Country Scene*

Cat. Uimh. 588 Fergus O'Ryan, *Figures beside Pool and House*

Cat. Uimh. 2331 Kenneth Webb, *Sneem*

Cat. Uimh. 2643 Ernest Hayes, *On the Fringe of the Forest*

Cat. Uimh. 1863 James O'Halloran, *The Castle*

Cat. Uimh. 759 Kitty Wilmer O'Brien, *Cliffs of Moher*

Cat. Uimh. 286 Muriel Brandt, *An Samhradh Samh*

Cat. Uimh. 2241 Norah McGuinness, *Rathmullan Shores*

Cat. Uimh. 236 Norah McGuinness, *The Mill Waters*

Cat. Uimh. 176 Stella Frost, *Bog Hill, Achill Island*

Cat. Uimh. 1871 George Gillespie, *Owenmore River and Mayo Hills*

Cat. Uimh. 653 Gerald Bruen, *Turf Bank*

Do thaispeántas Margaret Clarke: Spiorad Neamhspleách, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 10 Bealtaine - 20 Lúnasa 2017 agus Gailearaí F.E.McWilliam, Droichead na Banna, 15 Meán Fómhair - 18 Samhain 2017

Cat. Uimh. 57 Margaret Clarke, *The Dressmaker*

Cat. Uimh. 61 Margaret Clarke, *Portrait of Lennox Robinson*

Cat. Uimh. 331 Margaret Clarke, *Portrait of Dolly Robinson*

Don taispeántas, Jack B.Yeats agus Paul Henry, An Músaem Hunt, Luimneach, 1 Iúil go 30 Meán Fómhair 2017

Cat. Uimh. 2774 Paul Henry, *Lough Altan*

Don taispeántas, SPÁS - Taispeántas faoin Domhan, faoi Theach agus Gailearaí Gléibe, 1 Iúil - 3 Meán Fómhair 2017

Cat. Uimh. 150 Gerard Dillon, *Island People*

Cat. Uimh. 308 Mainie Jellet, *Abstract Composition*

Cat. Uimh. 148 Nano Reid, *Tinkers Gathering Firewood*

Cat. Uimh. 65 Patrick Hennessy, *Self-portrait with Cat*

Don taispeántas, William Crozier: Imeall an Tírdhreacha, Uilinn, Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, An Sciobairín, 14 Iúil - 27 Lúnasa 2017

Cat. Uimh. 2801 William Crozier, The River Boundary

Cat. Uimh. 1084 William Crozier, The Ripe Field

Don taispeántas, Léarscálacha Doimhne, Gailearaí Glucksman, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 4 Lúnasa - 5 Samhain

Cat. Uimh. 3029 Joshua Rowley Watson, Nelson's Monument at Castletownsend

Cat. Uimh. 316 William Magrath, Gathering Kelp



D'Oifig Ardmhéara Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh, Lúnasa 2017 - Iúil 2018

Cat. Uimh. 1977 Marshall Hutson, *Market Gardens, The Lough, Cork*
Cat. Uimh. 1698 Norah McGuinness, *Portrait of Frank O'Connor*
Cat. Uimh. 2422 Seamus Murphy, *Jack Lynch*
Cat. Uimh. 683 Seamus Murphy, *Donal O Corcora*
Cat. Uimh. 2333 Seamus Murphy, *Deirdre*
Cat. Uimh. 2560 Unknown, *The River Bridges of Cork*

Don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus an Ghaeltacht, Cill Airne, 27 Deireadh Fómhair 2017 (iasacht leanúnach)

Cat. Uimh. 2246 T.P.Flanagan, *Two Islands*
Cat. Uimh. 2263 Elizabeth Rivers, *Flight*
Cat. Uimh. 2237 Arthur Armstong, *Fields and Rocks*
Cat. Uimh. 2272 Cecil King, *Red & Green II*
Cat. Uimh. 2250 George Campbell, *Still Life at my Window*
Cat. Uimh. 2264 Gerard Dillon, *Old Woman & Washing*
Cat. Uimh. 2271 Cecil King, *Red & Black*
Cat. Uimh. 2258 Norah McGuinness, *The Melon*
Cat. Uimh. 2234 Anne Madden, *Land Formation*
Cat. Uimh. 2251 Gerard Dillon, *Evening Star*
Cat. Uimh. 2243 Arthur Armstrong, *Green Still Life*
Cat. Uimh. 2330 Geraldine O'Neill, *Still Life-Leeks and Red Cabbage*

Caomhnú

CAOMHNÚ FRÁMA

Rinneadh 13 fráma de shaothair bhailiúcháin a chaomhnú agus a dheisiú.

CAOMHNÚ DEILBHE

Bronnadh Deontas do Chúram Bailiúcháin faoin gClár um Chaighdeán Músaem in Éirinn ó Chomhairle Oidhreachta ar Ghailearaí Ealaíne Crawford in 2017. De bharr sin, bhí Eoghan Daltun, Caomhnú Deilbhe Teo. dul ar ais ag obair ar an láthair ag Gailearaí Ealaíne Crawford ar feadh tréimhse trí seachtaine. Dhírigh Eoghan Daltun ar 9 bpríomhshaothar breise ó bhunbhailiúchán Canova Cast Crawford a athbhunú agus a chaomhnú

Cat. Uimh. 1448, ***Portrait of Unknown Roma***

Cat. Uimh. 344, ***The Jove of Otracoli***

Cat. Uimh. 920, ***Bust of Venus de Milo***

Cat. Uimh. 923, ***Bust of a Female***

Cat. Uimh. 925, ***Torso of Venus***

Cat. Uimh. 1450, ***Socrates***

Cat. Uimh. 1452, ***Pseudo-Seneca***

Cat. Uimh. 914, ***The Piping Faun***

Cat. Uimh. 878, ***Head of a Little Faun***

Mar chuid den tionscadal sin chuir Eoghan Daltun tuarascáil ar an obair a rinneadh isteach agus scríobh sé lámhleabhar caomhnaithe ar chaomhnú coisctheach agus ar chúram bailiúchán do na dealbha i mbailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford. Thug Eoghan Daltun caint phoiblí freisin ar a obair mar chaomhnóir deilbhe sa ghailearaí i rith Seachtaine na hOidhreachta.

CAOMHNÚ TROSCÁIN

Rinne Sven Haberman, Caomhnú Leitir Fraic caomhnú ar ardaitheoir freastail Mahagaine, Dhá leibhéal ó ré George III a tugadh do Ghailearaí Ealaíne Crawford mar chuid de Thiomnacht Cooper Penrose Daingníodh scoilteanna i bharr an táble agus ailt le roisín eapocsach agus cuireadh píosaí nua múnlála déanta as mahagaine isteach in áit a raibh caillteanas. Glanadh na dromí ar fad agus cuireadh céir orthu.

GRIANGHRAFADÓIREACHT

Bhronn an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta deontas ar Ghailearaí Ealaíne Crawford faoin Scéim Chistiúcháin do Bhailiúcháin Dhigitithe le haghaidh digitiú agus doiciméadú an bhailiúcháin. Úsaidfear é sin chun grianghrafadóir a fhostú chun go leor íomhánna ardtaifigh de na 800 saothar sa bhailiúchán nach bhfuil íomhá ardtaifigh acu. Tá an obair le tosnú in earrach 2018.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA BAILIÚCHÁIN

Cheannaigh Gailearaí Ealaíne Crawford córas bhainistíochta bailiúcháin nua in 2016, Museum Plus RIA, a chuirfí ar chumas an ghailearaí a fhreagracht an bailiúchán a aithint, a thaifeadta agus a fhorbairt, agus a chinntiú go ndéantar é a chaomhnú agus a chosaint. Suiteáladh bunachar sonraí an bhailiúcháin nua ar an láthair in Aibreán 2017. Tá faisnéis ar na taifid de níos mó ná 3000 earra á nuashonrú agus á aistriú ag oifig an chláraitheora ar an mbunachar sonraí.

Cláran Bhailiúcháin Shealadaigh

D'fhógair Gailearaí Ealaíne Crawford clár taispeántas sealadach dinimiciúil do 2017 agus cuireadh ar chumas an ghailearaí leanúint ar aghaidh leis a tiomantas d'aithint, do léirmheas criticiúil agus d'aitheantas a chothú ar chleachtadh ealaíne stairiúil agus comhaimseartha Éireannacha agus idirnáisiúnta. Ó phictiúir amharclannacha ar mhórscála de chuid an ealaíontóra Sonia Shiel go Cáca na 14 Ailléirgin a chócaráil Na Domestic Godless, ó na pictiúir uiscedhatha de chósta Aontroma ón ealaíontóir 19ú haois George Victor Du Noyer agus scannán meallacach de chuid an ealaíontóir Íoslannach, Ragnar Kjartansson go infheistiú saibhreas an bhailiúcháin féin, bhí fairsinge an chláir thaispeántas sealadach 2017 leathan. An sprioc a bhí leis ná a lucht spéise a leathnú trí féachaint ar an ealaín mar rud luachmhar don tsochaí.

As na seacht taispeántas agus tionscadal déag a cuireadh tús leo, a cuireadh ar taispeántas agus a raibh comhpháirtí acu le linn 2017, leanadh le ceithre dóibh ón bhliain roimhe. Déanta i gCorcaigh Gluaiseacht na nEalaíon agus na Ceardaíochta 1800idí - 1920idí; Garret Phelan Scannán Feiniméan gan Vúdú; Annie O'Ne/Mary Fitzgerald: Canthus agus an Crawford ag an gCaisleán. Leis an taispeántas i ndiaidh an dara ceann, An Crawford ag an gCaisleán - Teacht Abhaile sa gailearaí íochtarach, ligeadh d'Anne Boddeart agus aoichoimeádaí an Dochtúir Michael Waldron an taispeántas a athchumrú go cúramach, i ndiaidh dár dtaispeántas foirmiúil sna Seomraí Stáit agus i dTeach Cóiste i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. De bharr sin cuireadh neas-suí ar leith den bhailiúchán ar fáil dár lucht spéise rialta ar ealaín stairiúil agus ar ealaín comhaimseartha agus rinneadh trácht ar théamaí athfhillteacha inár stair shóisialta agus inár scéalta pearsanta. Léirítear le roghnúchán na saothar líon na bpríomhshaothar tábhachtach atá ag Gailearaí Ealaíne Crawford sa bhailiúchán náisiúnta.

Ag fiosrú teorainneacha na healaíne agus an tsaoil, Orla Barry: Leis an taispeántas Ag Briseadh Boghanna Báistí chonacthas athrú ollmhór sa ghailearaí íochtarach go spás dinimiciúil bríomhar. Cuireadh i láthair é mar léiriú beo agus mar shuiteáil físe, bhí bratacha ó urlár go síleáil, suiteáil físe idirghníomhach agus tona olla ó fheirm an ealaíontóra agus cruthaíodh timpeallacht le machnamh a dhéanamh ar an nasc príomhúil, fileata agus dothuartha atá againn leis an dúlra. Ó chomórtais amhránaíochta aoirí na Sean-Ghréige, tomhaltachas comhaimseartha agus rólanna inscne go dtí an gaol dlúth a bhaineann le cúram a thabhairt do chaora atá ar tí uan a bheith aici, chruthaigh Barry dhá léiriú beo a díoladh amach. Einat Tuchman agus Dick Walsh a bhí mar aisteoirí sa léiriú agus bhí Gailearaí Ealaíne Crawford agus Féile Lár an tSamhraidh Chorcaí mar chomhpháirtithe. Choimisiúnaigh agus léirigh Ionad Ealaíon Loch Garman, in éineacht le Gailearaí agus Stiúideo Bharra an Teampaill Ag Briseadh Boghanna Báistí agus bhí an Gradam um Thaistil agus Scaipeadh Oibre ón gComhairle Ealaíon mar thacaíocht don taispeántas. I measc na gcomhpháirtithe bhí Gailearaí agus Stiúideo Bharra an Teampaill le Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath, agus Ionad Ealaíon Loch Garman le Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman. Leis na comhpháirtíochta féile tugtar deis do lucht féachana céaduaire agus lucht féachana a fheictear go minic dul i ngleic le Gailearaí Ealaíne Crawford ar bhealach difriúil.

Trí chomhpháirtíocht leis an bh**Féile Fuaimeanna ó Chuan Slán** a bhfuil an-aird uirthi agus leis an léiritheoir, **Mary Hickson**, bhí deis ag luchtanna féachana a taithí ar shaothar an ealaíontóra Íoslannaigh, Ragnar Kjartansson, a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, a leathnú leis a obair ar **Guilt Trip** (2007). Taispeánadh é sa léachtlann agus scannánaíodh in infhuaim é. Cruthaíodh eispéireas mealtach don bhreathnóir le fuaimeanna géara an ghunna agus le háilleacht uaigneach an tírdhreacha oighrigh.

Is stór é Gailearaí Ealaíne Crawford do chuimhne chultúrtha agus do sheanchas, agus léirítear conas is féidir le hamharc-ealaín cabhrú linn dul i ngleic le fírinní níos doimhne agus le machnamh a dhéanamh ar bharántúlacht na scéalta a chasaimid orthu. Dhá thaispeántas, **Faoin Iasc Ór: Radhairc Chorcaí ón dTaispeántas** agus **Cad é an Scéal? Stair, Cuimhneachán agus Miotas i Aois na bhFíricí Malartacha**, léiríodh na cásanna sin le léirithe nua den Bhailiúchán a bhí rathúil maidir le luchtanna féachana nua a bhailiú agus a mhealladh trí choimeádaíocht chúramach ar na saothair agus le clár Foghlama agus Taiscéalta dinimiciúil, faisnéiseach a bhfuil spraoi leis.

Faoin Iasc Ór I Radhairc Chorcaí ón mBailiúchán léiríodh radhairc thopagrafacha gur féidir a aimsiú, ó thaobh na tíreolaíochta de, faoi fhéachaint na heite ghaoithe óir a bhfuil cáil uirthi ar chomhartha talún Shandon, Eaglais Naomh Áine. Tagann an teideal ó chlár raidió cultas a bhí ag an drámadóir agus úrscéalaí, Cónal Creedon, fear a rugadh i gCorcaigh agus a chruthaigh oíche speisialta ar Oíche Chultúir nuair a léigh sé ón a dhánta agus ón a ghearrscéalta le taobh Scríbhneoir Cónaithe Choláiste na hOllscoile Chorcaí, Thomas Morris. Chuir an staraí Tom Spalding an taispeántas i ngníomh ar bhealach follasach chomh maith trí thurais a threoiriú ón dtaispeántas go dtí fíorláithreáin agus fíorfhoirgnimh na saothar atá á léiriú. San áireamh i Faoin Iasc Ór bhí Radharc Chorcaí ó ealaíontóir aitheanta John Butts(c. 1750), leathanradharc den chathair feicthe ó áit ardaithe ón taobh thuaidh den Laoi - malgamúchán de dhá ionad amhairc ar leith; Whipping the Herring (c.1800) ó Nathaniel Grogan go léirithe comhaimseartha ó Danny McCarthy, Eileen Healy agus Harry Moore. Bhí sé ann chomh maith. The Busy Interior of the Old Queen's Castle Department Store (1848) ó Robert Lowe Stopford, pictiúr nuashealbhaithe don bhailiúchán. Tugtar deiseanna athsmaoineamh a dhéanamh ar an am atá thart le bailiúcháin poiblí, cosúil le bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford ach tá sé tábhachtach go n-úsáidtear na saothair ealaíne chun ár samhlaíocht a spreaghadh i dtreo na todhchaí chomh maith. Conas a bhreathnaímid ar fhás ár ngaoil leis an dreach cathrach atá tógtha agus atá ag forbairt? Cad iad na réitigh is féidir a tharraingt chun an chathair a chosaint ó ardú na bhfarraigí. Bhí an-rath ar an taispeántas i measc turasóirí ar cuairt agus i measc luchtanna féachana áitiúla.

Díríodh ar an taispeántas **Cad é an Scéal?** sa dara Bailiúchán. Bhí an Dochtúir Michael Waldron mar aoi-chomeádaí ar **Stair, Cuimhneachán agus Miotas i Aois na bhFíricí Malartacha**. In aois iarfhírinne, ina bhfuil 'fíricí malartacha' agus 'nuacht bhréige' mar chuid lárnach de, bíonn sé deacair go minic an difir idir cad atá ar siúl agus cruinneas na bhfíricí a aithint. Spreagadh cuairteoirí dul i ngleic le pictiúir stairiúla agus le hallagóirí, le pictiúir den tírdhreach agus le radhairc den saol laethúil chun cruthú an mhiotais a phiocadh, chun tabhairt faoin stair a dhealbhú agus an scéal a aimsiú.

Is cuid lárnach den taispeántas sealadach ag Gailearaí Ealaíne Crawford é saothar na n-ealaíontóirí agus an íomhá ghluaisteach digiteach á úsáid acu agus i mbliana tá an saothar curtha i láthair ag dhá phríomhealaíontóir: **Jasmina Cibic** agus **Aideen Barry**. Is ealaíontóir í Jasmina Cibic a mbíonn i gcónaí ag machnamh ar thrasnáil idé-eolaíoch, ar mhionscrúdú a dhéanamh ar chreataí institiúideacha agus ar chórais croiniceachta a nochtadh. Ina scannán **Spielraum / The Nation Loves It** déantar scrúdú ar ról an ailtire mar ghníomhaí do reitric pholaitíochta trí charachtar amháin, malgam. Is focail phearsanna poiblí atá á labhairt aige agus tá an script scríofa ó iomaí óráidí polaitíochta. Bhí na forógraí leasaithe déanta ar dtús ag daoine a bhí baint acu le cúrsaí polaitíochta agus bhí siad infheistithe i ngaol an ailtire le haitheantas náisiúnta nó le haitheantas ar bhonn idirnáisiúnta. Tá feidhm ag an scannán in Éirinn agus í ag bogadh ar aghaidh ón gcúlú eacnamaíochta agus ag cur tús le tionscadail tógála nua a fhorbairt - an bhfoghlaimímid ón am atá thart nó an bhfoghlaimímid tada? Rinne Jasmina Cibic ionadaíocht ar son na Slóivéine ag an 55ú Veinéis Débhliantúil leis a tionscadal For Our Economy and Culture.

Is ealaíontóir Chorcaí í **Aideen Barry** a chuireann a cuid saothair ar thaispéaint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Meallta ag coincheap an dhuine tí agus na mná oibre mar a mholtar ag na meáin cumarsáide, taispeánann scannán íomhá ar íomhá do chuid Aideen Barry, **Not to be Known**, an t-ealaíontóir i bpictiúir scáfara agus í trína chéile le leadrán agus méid na giurnála tí. Bíonn taispeántais Barry deacair go fisiciúil agus ó thaobh intinne de agus léiríonn seo an brú a chuireann ár sochaí ar chorp na mná. Taispeánadh an scannán le linn an tsamhraidh mar chuid den Chlár Bheochan an tSamhraidh do pháistí agus mhúscail sé suim i gcúrsaí beochana sna páistí..

Bhí oscailt na mbealaí isteach don ealaíontóir agus na lucht féachana chun tosaigh sa taispeántas **Sonia Shiel: Rectangle, squared**. Tugann pictiúir mhóra thumthacha ar chanbhás agus dealbha beaga Shiel tuairim dúinn ar na fochialla gáifeacha a chuireann le diabhlaíocht agus diamhracht an tsaoil. Trí léamh ar mhonalóga an ealaíontóra agus comhráite poiblí idir Sonia Shiel agus freagraí don taispeántas, iarradh ar an lucht féachana plé a dhéanamh ar dhomhan meabhlach d'ealaíontóir ficseanúil agus smaoinigh ar chéard is brí le cruthaitheacht. Thug Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath tacaíocht leis an táispeántas i Scoil na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus tháinig tacaíocht sa bhreis ó sparánacht Fhísealaíontóir na Comhairle Ealaíon agus ó Chomairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Chun comhráite faoi chleachtas ealaíne a mhealladh, cuireadh dhá thaispeántas eagsúla ar siúl don lucht féachana sna dá ghailearaí sealadacha le linn an gheimhridh. Sa ghailearaí íochtarach, choimeád an Stiúrthóir atá ag éirí as, Peter Murray, suirbhé mór i gcomhar le Petra Coffey darbh ainm **Stones, Slabs and Seascapes: George Victor du Noyer's Images of Ireland**. Bhí cónaitheacht trí seachtaine sa ghailearaí uachtarach don bhailiúchán cócaireachta ealaíonta Chorcaí **The Domestic Godless: the Food, the Bad & the Ugly**.

Coimisiúnaíodh ag an Áiléar Crawford agus le tacaíocht ón **Dámhachtain Taistil agus Scaipthe Saothar Chomairle Ealaíon na hÉireann**, thosaigh **The Domestic Godless: the Food, the Bad & the Ugly** a thuras náisiúnta do sé ionad ag an Áiléar Crawford i Mí na Samhna. Tá cúig bliana déag caite ag The Domestic Godless – ealaíontóirí **Stephen Brandes**, **Irene Murphy** agus **Mick O'Shea** – ag baint úsáide as bia mar mheán agus mar choincheap chun iniúchadh a dhéanamh ar amharc-ealaín nua-aimseartha agus ceisteanna cúltúrtha agus sóisialta níos leithne ó phointe iontrála uathúil greannmhar. Le cistin a tógadh go speisialta san áiléar uachtarach, chuir na healaíontóirí taispeántais amhairc ilmheánach, taispeantáin dealbhóireachta ainrialta agus mór-ócáidí blaiste bia ar fáil do na cuairteoirí.

Thug clár coicíse ceardlanna laethúla do bhunscoileanna deis do pháistí 'súgradh lena gcuid bia' agus tírdhreacha inite a chruthú le cabhair ó The Domestic Godless. Tugadh inspioráid do na tírdhreacha seo óna caidrimh a rinne na daltaí leis an taispeántas George Du Noyer.

Tógfar an taispeántas ar camchuairt in 2018 chuig na hionaid chomhpháirtíochta: **An tIonad Cultúrtha Réigiúnach**, Leitir Ceanainn (4-6 Bealtaine); **an tIonad Ealaíne Grianstad**, An Uaimh (24-27 Bealtaine), **Teach Oibre an Cheardchumainn Callainn** (29 Meitheamh-1 Iúil); **Ionad Ealaíne na Gaillimhe** agus **Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe** (15-29 Iúil) agus **Ionad Ealaíne Uillinn**, An Sciobairín (2-5 Lúnasa).

Rinne **Stones, Slabs and Seascapes: George Victor du Noyer's Images of Ireland** céiliúradh ar éachtaí ealaíonta iontacha an ealaíontóra ón naoú haois déag sna réimsí geolaíochta, bitheolaíochta agus zó-eolaíochta, agus rinneadh comóradh dhá chéad bliain ar a bhreithe. Chaith an t-ealaíontóir agus an suirbhéir George Victor du Noyer níos mó na leathchéad ag taisteal na tire ag tarraingt agus ag péinteáil don Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Thaitin an taispeántas le pobal leathan lena fhócas ar an idirmhír le healaíon, eolaíocht agus tíreolaíocht. Bhí níos mó ná céad píosa ealaíne in Stones, Slabs and Seascapes ó bhailiúcháin **Acadamh Ríoga na hÉireann**, **Musaem Náisiúnta na hEireann**, **Gairdíní Náisiúnta na Lus**, Glas Naíon, **Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann**, **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann** agus an **Chartlann Náisiúnta**. Cuireadh foilseachán leis an taispeántas le hionchuir ó **Peter Murray**, **Siobhán Fitzpatrick**, **Pater Harbison**, **Petra Coffey** agus **Nigel Monaghan**. Forbraíodh clár ráthúil leathan 'Foghlaim agus Pléigh' ag Anne Boddaert agus Emma Klemencic. Chuimsigh sé cainteanna poiblí, turais agus ceardlanna dírithe ag páistí agus daoine fásta agus chuimsigh sé comhoibriú agus rannpháirtíocht tairbheach le **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**.

Fuair an taispeántas urraíocht chineálta ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann; Carmel agus Martin Naughton agus Musaem Náisiúnta na hÉireann. Tarlaíonn an taispeántas taistil go Musaem Náisiúnta na hÉireann, Dún Uí Choileáin idir 6 Meitheamh agus 30 Meán Fómhair, 2018 de bharr na comhpháirtíochta luachmhaire idir Musaem Náisiúnta na hÉireann agus an tÁiléir Crawford.

Tá sé oiriúnach go ndíríonn an dá taispeántas deireanacha in 2017 ar 2018 sna léirithe ag ionaid chomhpháirtíochta ar fud na tire. Dá bharr sin, léiríonn siad cúraimí an Áiléir Crawford smaointe agus comhthéacsanna nua a chruthú agus a fhorbairt chun comhpháirtíochtaí a chothú le healaíontóirí, institiúidí, daoine aonair agus lucht féachana áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Clár Foghlaim agus Pléigh

Tá an Clár Foghlaim agus Pléigh, atá á stiúradh ag Anne Boddaert agus Emma Klemencic, mar chuid lárnach den Áiléar Crawford.

AIDHMEANNA:

1. Chun rannpháirtíocht fhiúntach a spreagadh leis an mbailiúchán Crawford agus an clár taispeántais.

2. Chun cláir éagsúla a chothaíonn ómós áite a chur ar fáil do lucht spéise chomh leathan agus is féidir.

3. Chun smaointeoireacht agus déantóireacht chruthaitheach a spreagadh.

4. Chun cur leis an mórphictiúr tionscnamh áitiúil agus náisiúnta ar bhealach samhlaíoch.

Achoimre ar imeachtaí in 2017

Clár Turas Treoraithe Leanúnach

Chuir an t-áiléar turais ar fáil a bhí in oiriúint do réamhscoileanna agus grúpaí coláiste, pobail agus turasóireachta. Leanamar ag cothú caidreamh le grúpaí a bhíonn fadhbanna acu le easpa rochtaine ar na healaíona agus cultúr (m. sh. Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill Corcaigh, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Aspect…) Rinne grúpa ó ASPECT (Tacaíocht do dhaoine ar speictream an uathachais) a chéad chuairt ar an áiléar i Mí Eanair agus ansin bhí clár gairid do chuairteanna agus ceardlanna rialta.

Feictear-Nach Bhfeictear RL: Leanamar leis an gcomhoibriú le Clare McLoughlin agus chuireamar trí chuairt ar fail do Rannpháirtíthe Lagamhairce.

Thosaigh na turais treoraithe saor in aisce don samhradh ar 3 Meitheamh. Tharla na turais gach Sathairn ar 2pm. Chuaigh Dyane Hanrahan i dteagmháil le háiteanna leaba is bricfeasta agus le hóstáin leis an eolas. Scaip na brataigh eolas faoi na turais saor in aisce agus bhí timpeall ar 35/40 duine ar na turais ar fad.

Ranganna Ealaíne Leanúnacha do Dhaoine Óga gach Sathairn

Treoraigh ár n-ealaíontóirí agus áisitheoirí 90 seisiún in 2017. Dhírigh clár amháin ar tharraingt agus dhírigh na dá chlár eile ar réimse leathan ábhar maidir le meáin agus teicnící.

Clár Leanúnach do Dhéagóirí

Cuireadh cúrsa 10 seachtain sa bhreis ar fáil i Mí Mheán Fómhair chun an t-éileamh méadaithe a fhreagairt. Dhírigh na 4 clár comhlántacha ar ullmhú portfóilió i Mí Mheán Fómhair agus i Mí Aibreáin agus ar phéinteáil i Mí Eanair agus i Mí Aibreán.

Ceardlanna Bheochana an tSamhraidh

Tugann na ceardlanna beochana a bhfuil tóir agus ró-éileamh orthu deis do pháistí beochan íomhá ar íomhá a chruthú le linn na trí champa ealaíne seachtaine. Tá tarraingt, péinteáil, múnlú agus grianghrafadóireacht i measc na scileanna cruthaitheacha a phléifear le linn na seachtaine.

Clár le mná atá cónaí orthu in ionaid soláthar díreach

Ó Mí Bealtaine 2015 agus le tacaíocht ón Tionscadal Sláinte HSE Leanaí agus Teaghlach Wallaroo, tá an t-áiléar ag tabhairt deiseanna leanúnacha do mhná atá ina gcónaí i lóistín soláthar díreach i gCorcaigh chun freastal ar an áiléar.

Glacadh le hiarratas a seoladh chuig Comhairle Contae Chorcaí i Mí na Nollag 2016 an clár a fhorbairt. Thosaigh an tionscadal lándáirire i Mí Mheán Fómhair tar éis tréimhse taighde agus forbartha níos luaithe sa bhliain. Tharla seisiún tosaigh ionas go gcuirfeadh daoine aithne ar a chéile (slua maith a bhí ann - bhí 25 i láthair) agus ansin thosaíomar le sraith seisiún teicstíle i Halla an Pharóiste, an Gleanntán. Leanfaidh an clár ar aghaidh in 2018.

Club Déardaoin Leanúnach

Tá turas, plé agus seisiún ealaíne sa chlár rochtana seo do dhaoine fásta. Cuirtear béim ar thaiscéalaíocht agus ar thaitneamh. Cuirimid dhá clár ar siúl gach bliain. Tá éileamh ard do spásanna, agus mar sin cuireadh córas liosta feithimh i bhfeidhm.

Áiléar Crawford agus Arts+Minds

Is é aidhm Arts+Minds|Crawford ná feabhas a chur le sláinte agus folláine na ndaoine le fadhbanna meabhairshláinte trí rannpháirtíocht d'ardchaighdeán leis na healaíona, chun stiogma a cheistiú agus chun cabhrú le baill páirt a ghlacadh i saol cúlturtha a bpobail. Bhí na baill in ann a stíleanna féin a fhorbairt trí na caidrimh a rinne siad leis na saothair ealaíne san áiléar.

In 2017 reachtálamar 12 seisiún, sé cinn san Earrach agus sé cinn eile san Fhómhar. Chuir na rannpháirtithe a saothair isteach i dtaispeántas bliaintúil an Chumainn Meabhairshláinte Chorcaí in aerfort Chorcaí agus tá a saothar Batik atá curtha ar fhrámaí canbháis ar thaispeáint i Halla na Dúcharraige.

Áiléar Crawford agus Arts+Minds

Snáithe 1: Is clár do dhaoine le díchuimhne agus a gcúramóirí a chuirtear ar siúl ar an gcéad Céadaoin do gach mí é Lonradh. Tá an cuairt 90 nóiméad saor in aisce agus faigheann sé tacaíocht ón gClár HSE Sláinte agus Ealaíona Chorcaí.

Snáithe 2: Tharla an Clár Lonradh le Cumann Alzheimer Ionad Dhroichead na Bandan ar an gCéadaoin deireanach do gach mí - le hiompar pobail saor in aisce ó Dhroichead na Bandan go dtí an t-áiléar agus ar ais arís, le tacaíocht ó Jo Calnan ón gCumann Alzheimer.

Snáithe 3: An Clár Lonradh in Ospidéal Fionnbarra – seirbhís teagmhála leanúnach le tacaíocht ón gClár HSE Sláinte agus Ealaíona Chorcaí agus ó Ospidéal Fionnbarra. D'oibrigh an t-amharcealaíontóir Inge Van Doorsaler i mBarda Naomh Iosaf le grúpaí d'othair, baill foirne, oibrí deonacha agus cuairteoirí in 2017.



Clár Leanúnach Bealtaine

Is sraith ceardlainne rochtain oscailte agus turas míosa é Bealtaine ag an gCrawford a dhéanann céiliúradh ar chruthaitheacht sa tseanaois mar chuid den fhéile náisiúnta Bealtaine. Cuireadh ár seisiúin Lonradh leis an gclár náisiúnta chomh maith.

Lá Náisiúnta na Tarraingthe

Céiliúradh ar tharraingt a bhí ann a bhí á stiúradh ag dhá ealaíontóir proifisiúnta in áiteanna éagsúla ar fud an fhoirghnimh.

SSP17 Iúil

Chomhoibrigh an ACC le Caisleán na Dúcharraige chun ceardlanna saor in aisce agus caint oíche a chur a siúl ar an 6 Iúil mar chuid de chlár rannpháirtíochta an phobail don 30ú Clár Stáidéar Spáis (SSP) leis an Ollscoil Idirnáisiúnta Spáis.

H Seachtain na hOidhreachta agus Lá Oscailte Oidhreacht Chorcaí 19-26 Lúnasa

San eagrán 2017, bhí saothair ealaíne sna seisiúin déantóireachta a thóg inspioráid ó na taispeántais Breaking Rainbows le hOrla Barry agus Under the Goldie Fish, Views of Cork ón mBailiúchán, dhá chaint, ceann amháin leis an ealaíontóir agus aoire Orla Barry a labhair faoinár gcaidreamh casta le dúlra, agus an ceann eile leis an gcaomhnóir Eoghan Daltun a labhair faoi athchóiriú na múnlaí Canova ag an Áiléar Crawford agus faoi chaomhnú dealbhóireachta go ginearálta. (Maoiníodh an tionscadal ag an gComhairle Oidhreachta).

Labhair an staraí ailtireachta Tom Spalding faoi na sráideanna agus na foirghnimh i gCorcaigh le linn dhá thuras, ceann amháin sa spás taispeántais agus an ceann eile ar fud lár na cathrach ag cur an radharc ón taispeántas i gcomparáid leis na dreacha cathracha 2017.

Oíche Chultúir 2017

Tháinig beagnach 2,000 cuairteoirí (1,993 san iomlán) chuig an Áiléar Crawford. Clár leathan a bhí ann: bhí léamh le Conal Creedon agus Thomas Morris, agus réimse leathan gníomhaíochtaí cruthaitheacha saor in aisce chun iomraill súl a dhéanamh agus chun machnamh a dhéanamh ar thraidisiún na seanscéalaíochta. Cuireadh an scannán Draíocht na Scannánaíochta ar siúl – scannán rannpháirtíochta idir na healaíontóirí GASP (Clár Stiúideo Ealaíontóirí na Glaisín) agus amharc-ealaíontóir Linda Curtin a bhí ann.

Cónaitheacht na n-ealaíontóirí GASP

Bhí na healaíóntóirí GASP, le Hermann Marbe chun tosaigh, lonnaithe san Áiléar Crawford gach Máirt in 2017. Chomhoibrigh na healaíontóirí linn ar go leor imeachtaí dár gcláir don Oíche Chultúir, an Fhéile Foghlama Saoil Chorcaí agus Lonradh.

Tionscadal na Cainte Trodaí

Bhíomar inár bpáirtí ag an Amharclann Graifítí Chorcaí ar Thionscadal na Cainte Trodaí. Tugadh cuireadh do 3 scoil páirt a ghlacadh sa chúrsa píolótach a tharla sna háiléir nua-aimseartha le hUnder the Goldie Fish mar fhoinse inspioráide. Leanfaidh an clár ar aghaidh in 2018.

CLÁIR DÍRITHE AR AN TAISPEÁNTAS:

Déanta i gCorcaigh

Thug Vera Ryan 3 turas coimeádaíochta ar an Aoine 20 Eanair (Cairde ACC), Déardaoin 26 Eanair agus Sathairn 11 Feabhra. Chomh maith leis sin, thug sí turais agus léachtanna don Chumann Seoirseach, an Cumann Staire Áitiúla Eochaill, an Cumann Rotary Chorcaí agus Grúpa Oidhreachta na Mainistreach Thuaidh.

D'eagraigh Lásadóirí Traidisiúnta na hÉireann dhá chruinniú san áiléar agus bhain siad an-sult as an mbailiúchán lása Crawford atá sa leabharlann.

Crawford Ag An gCaisleán

Tharla an ócaid dheireanach sa sraith cainteanna – EALAÍONTÓIRÍ BEO SNA BAILIÚCHÁIN NÁISIÚNTA – ar Déardaoin 12 Eanair. Leis an Dr Eimear O'Connor mar chathaoirleach, bhí Rita Duffy, Anthony Haughey, Martin Healy, Christina Kennedy (IMMA), Brian Maguire, Fergus Martin, Vivienne Roche agus Nigel Rolfe ar an bpainéal. Tarraingíodh go leor pointí agus moltaí tábhachtacha anuas sa díospóireacht agus scaipeadh iad don Roinn agus do na páirtithe leasmhara éagsúla. Tá an tuarascáil iomlán ar fail ach í a iarraidh. Tharla níos mó turais mar chuid den Fhéile Foghlama Saoil 2017.

STONES, SLABS AND SEASCAPES: George Victor Du Noyer

D'fhorbraíomar clár leathan leis an téama 'Bí Fiosrach! Féach agus Tabhair Faoi Deara'. Ba dheis é teagmháil a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as saineolas réimse leathan daoine ar nós an Dr Siobhán Power (GSI), Betty Higgs agus May Linehan (UCC) agus Mervyn Horgan (Féile Eolaíochta Chorcaí). Bhí turais, ceardlanna, cainteanna agus clár scoile, coicís leis an Domestic Godless san áireamh, mar chuid den chlár seo. Freisin, ba dheis é tús a chur le hullmhúcháin chun an comhoibriú agus an rannpháirtíocht le UCC B.E.E.S agus Seachtain na hEolaíochta a fhorbairt. (Clár iomlán ar fáil ach é a iarraidh).

Under The Goldie Fish

Chomh maith leis na turais agus na léamha sa chlár sheachtain na hoidhreachta, bhí caint phoiblí leis an Dr Mary Jane Boland. Bhí 'Painting the City: Images of Ireland's Urban World in the Nineteenth Century' ar siúl ar an gCéadaoin 6 Nollaig.

Ag cóisir Nollag na gCairde bhí Roz O'Brien (sa lár), riarthóir bunaidh Chairde Dhánlann Crawford i dteannta Nessa Durcan (ar chlé) agus Noreen McSweeney, na riarthóirí atá ag dul as oifig agus na riarthóirí nua, Sinéad Dineen agus Michele Whelan (ar dheis).

Cairde Dhánlann Crawford

Foilseacháin

Chaith Cairde Dhánlann Crawford bliain an-táirgiúil agus bhain siad an t-éacht ba mhó amach go dtí seo - an leabhar le Vera Ryan, "Made in Cork, The Arts and Crafts Movement 1880's to 1920's". Bhain sé léirmheas iontach amach in Athbhreithniú Ealaíon na hÉireann, eagrán an Earraigh agus bhí sé le sonrú ar liosta 2017 na Leabhar Ealaíne is Fearr de chuid The Irish Times. Baineadh seo amach a bhuíochas mór leis an tacaíocht a fuair Vera ó Chairde Dhánlann Ealaíne Crawford.

Sraith Léachtaí

Anuas air seo, d'eagraigh na Cairde Sraith Léachtaí Earraigh agus Fómhair ina raibh éagsúlacht iontach, lenar áiríodh léacht an-léargasach le John Bowen, Stiúrthóir an Bhoird atá ag dul as oifig, a rinne machnamh ar an tréimhse a chaith sé le Dánlann Ealaíne Crawford.

Áiríodh le léachtaí eile ar a raibh an-tóir, The Art Treasures of The Riviera, le Patrick J Murphy, a bhí mar ábhar spreagtha do thuras na gCairde a bheidh ag teacht aníos i Meán Fómhair 2018, "The Art & History of Nice & The Cote d'Azur".

Turais

Baineadh taitneamh as go leor turas, chomh maith, a thug an deis dár mbaill chun taitneamh a bhaint as saothair ealaíne a bhí chomh fada amach óna chéile agus Conamara agus Dresden.

Cuntais Bhliantúla

Déanann Kevin O'Connell & Co., Cuntasóirí agus Iniúchóirí Cláraithe, 1, Time Square, Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí, Cuntais Chairde Dhánlann Crawford a dheimhniú gach bliain. Is féidir cóip de na cuntais dheimhnithe don bhliain 2017 a fháil, ar iarraidh sin, ó na Cairde.

Ballraíocht

I dtreo dheireadh na bliana, bhí spéis athnuaite sa bhallraíocht le tabhairt faoi deara i ndiaidh go raibh baill á ndéanamh de dhaoine a raibh aoisphróifíl ní b'óige acu agus bhí seo le tabhairt faoi deara, chomh maith, i measc an iomaí mac léinn a d'fhreastail ar na léachtaí. Forbraíodh straitéisí meán sóisialta, chun ballraíocht na gCairde a mhéadú trí Facebook, Twitter agus ardáin eile.

Riarachán

I Nollaig 2017, thug pailéad na gCairde athruithe faoi deara i ndiaidh gur tugadh isteach Sinéad Dineen agus Michelle Whelan mar na riarthóirí nua. Fágadh slán an-cheanúil le Nessa Durcan agus agus Noreen McSweeney a bhíodh ina riarthóirí, ach níor fágadh slán leo mar Chairde Dhánlann Ealaíne Crawford.

Cairde Dhánlann Crawford Caifé

D'ainmnigh John agus Sally McKenna Caifé Dhánlann Ealaíne Crawford in 'Na 100 Bialann is Fearr in Éirinn'

Rinne Caifé Dhánlann Crawford ceiliúradh ar bheith i mbun gnó ar feadh 30 bliain in 2017. D'oscail an matrarc ó Bhaile Uí Mhaolmhuaidh agus an mórphearsa cócaireachta agus a hiníon Fern an caifé i 1986, atá suite san fhoirgneamh céanna le Dánlann Ealaíne Crawford ag 1 Plás Emmet i gcroílár Chathair Chorcaí.

Suite ag an mbealach isteach chuig ceann de shéadchomharthaí cultúrtha agus stairiúla Chathair Chorcaí, tearmann fíor-shuaimhnis is ea Caifé Dhánlann Crawford, idir fuadar phlás beoga lár na cathrach agus tearmann dhánlann ealaíne na cathrach.

Tá an t-atmaisféar sa chaifé neamhfhoirmiúil agus neamhghairéadach, ach chuirfeadh sé bistro galánta uirbeach in iúl ag an am céanna. Cruthaíonn toin mhaothaithe; spás lánsolais agus fairsing; agus saothair ealaíne a athraítear go minic, atmaisféar na dánlainne sa chaifé. Tá potaí móra de chrobh cumhra milis agus lus na meala líomóide sna fuinneoga doimhne go compordach, agus cruthaíonn meascán eicléictiúil de chnámhphoirceallán mín agus cathaoireacha athchóirithe bistro spás uathúil.

Spás nádúrtha é i gcroílár na cathrach chun casadh le daoine, bhí Dánlann Crawford ina hóstach le himeacht na mblianta ar an iomaí ceiliúradh teaghlaigh do mhuintir Chorcaí – bainiseacha, breithlaethanta, agus fiú gealltanais phósta. Idir mná Chorcaí agus mic léinn fhaiseanta ealaíne, gairmithe gnó, nó turasóirí, cuirtear rud éigin ar fáil sa chaifé do gach duine – spás cruthaitheach inar féidir am a chaitheamh go deas réidh agus caife a ól; agus is iontach an áit é chun tae beag a bheith agat, nó mar ionad lóin atá beagán difriúil.

In 2017, cuireadh Caifé an Ghairdín leis chun blaisíní beaga bia a dháileadh ar thailte na Dánlainne, a chuireann go mór le líon na gcuairteoirí chuig an Dánlann agus an Caifé.

CULTURE
NIGHT
CULTURE
NIGHT
34kg Butane

Dánlann Ealaíne Crawford a Mhargú

In 2017, idir Aibreán agus Nollaig, thug an Dánlann méadú suntasach faoi deara ar líonta cuairteoirí i gcomparáid le figiúirí 2016. Ó Bhealtaine 2017 ar aghaidh, tháinig borradh réidh ar líonta cuairteoirí agus tháinig méadú 9% i mBealtaine a mhéid le 19.5% i Nollaig i gcomparáid le figiúirí 2016.

Chruthaigh go raibh an-tóir ar thaispeántais fhairsinge agus an-éagsúla den chéad scoth i measc an phobail i gcaitheamh na bliana agus lean na himeachtaí ardchaighdeáin Foghlaim agus Fiosraigh le líonta láidre cuairteoirí a mhealladh. Chuir na himeachtaí an-rathúla, Crawford ag an gCaisleán ('Crawford at the Castle') agus I gCorcaigh a Rinneadh ('Made in Cork') tús an-rathúil leis an mbliain. Bhí an-tóir, chomh maith, ar thaispeántais a cuireadh ar bun de chuid Bhailiúchán Crawford - An Bealach Abhaile ('The Way Home'), Ealaín na hÉireann ('Irish Art') 1870 – 1970 agus Ár Rogha ('Our Choice'). Is iontach deas gur féidir le Dánlann Ealaíne Crawford éagsúlacht mhór oibre a thaispeáint mar thoradh ar mheascán de na spásanna taispeántais atá ar fáil.

Bhain an bailiúchán moladh amach, dá bhar, ó sholáthraithe seachtracha cláir, ar nós Annie O Ne, Beyond Silence le Danny McCarthy, Orla Barry, Sonia Shiel, Aideen Barry agus Ragnar Kjartansson. Rinneadh éagsúlú breise ar an gclár trí thaibhiú a bheith mar thionlacan le The Domestic Godless agus Orla Barry a chabhraigh le lucht féachana nua a fhorbairt don Dánlann.

Rinneadh an Dánlann a bhrandáil go seachtrach den chéad uair in 2017 le meirgí agus treabhainn mhealltacha thart timpeall ar na ráillí agus a fhógraíonn an bealach isteach chuig an Dánlann. Rinne na hábhair na taispeántais, an clár Foghlaim agus Fiosraigh, imeachtaí corparáideacha, searmanais shibhialta agus Caifé na Dánlainne a chur chun cinn. D'athraigh an bhrandáil sheachtrach dinimic an fhoirgnimh agus chuir sé an dinimic chun cinn mar limistéar gnóthach siopadóireachta Lána an Árais Cheoldrámaíochta agus rinne sé a phróifíl a athbheochan ar Phlás Emmet agus laistigh de lár na cathrach.

Anuas ar bhrandáil fhorleathan, osclaíodh Caifé Gairdín Crawford sa ghairdín a athphlandaíodh le déanaí ag taobh an fhoirgnimh in aice Phlás Emmet chun leas a bhaint as an spás agus an ardlíon coisithe. Laghdaíodh na fálta a rinne an spás iomlán níos oscailte don phobal agus é mar chuspóir soiléir chun bacainní síceolaíocha atá i leith iontrála a bhaint. Taobh istigh de dhoras na Dánlainne, cuireadh scáileán nua faisnéise plasma in airde chun cabhrú leis an bpobal a mbealach a aimsiú agus chun na taispeántais taobh istigh a chur chun cinn.

Forbraíodh bróisiúr Dánlainne (3 huaire sa bhliain) agus baineadh dáileadh amach i ngach spás poiblí i gcathair agus contae Chorcaí, óstáin, limistéir thurasóirí, leabharlanna, caiféanna, beáir etc. Cuirtear taispeántais aonair, an clár Foghlaim agus Fiosraigh, imeachtaí corparáideacha, searmanais shibhialta agus an caifé chun cinn sa bhróisiúr. Thug taighde le fios gurb uirlis éifeachtach mhargaíochta é don Dánlann do lucht féachana áitiúil agus ar cuairt (turasóirí).

Rinne an Dánlann idirchaidreamh mór le comhpháirtithe turasóireachta taobh istigh chun feasacht i measc cuairteoirí thar lear a mhéadú. Forbraíodh caidreamh le Visit Cork, Aerfort Chorcaí, an Chomhairle Cathrach, RTÉ ag tacú leis na hEalaíona, Fáilte Éireann, Discover Ireland, an oifig turasóireachta áitiúil, eagraíochtaí cultúrtha sa chathair agus an IHF.

Leanann an siopa leabhar leis an tairiscint bronntanas, leabhar, cártaí, málaí agus earraí do leanaí a nuashonrú agus a fhairsingiú, agus tá marsantacht ar leith ar fáil do phríomhthaispeántais.

Ina theannta sin, rinne an Roinn Margaíochta na hardáin mheán sóisialta a athbheochan, agus bhuaigh sé dámhachtain Chumann Tráchtála i ngeall ar an úsáid is fearr a bhaint as Twitter.

Dánlann Ealaíne Crawford Teo. a Mhargú

Rinneadh borradh suntasach in 2017 i measc ardáin mheán sóisialta na Dánlainne, a thug méadú 25% faoi deara ar lucht leanúna Facebook agus Twitter, agus méadú beagnach faoi dhó ar lucht leanúna Instagram.

I measc na mbuaicphointí, bhí an méid seo a leanas:

- Buaiteoir An Úsáid is Fearr a Bhaint as Twitter (Gnólacht ina bhfuil 20 fostaí nó níos lú) agus ainmníodh an Danlánn in dhá chatagóir bhreise i nDámhachtainí Margaíochta Digití Chorcaí 2017 le Cumann Tráchtála Chorcaí.

- Tháinig méadú aníos ó 160,000 go dtí beagnach 500,000 in 2017 ar thaispeántí ráithiúla ar Twitter, go háirithe tríd an gclár rathúil Foghlaim agus Fiosraigh agus feachtais taispeántais, Under the Goldie Fish ina measc (10,904 taispeáint ar aon tvuít amháin).

- Glacadh páirt go náisiúnta ar #HeritageWeek agus go hidirnáisiúnta ar #TreeTrails (Talamh Chomónta) agus pleanáladh ilphostáil institiúide le Bailiúchán Wallace (Londain) trí Twitter/Instagram.

- Bhí rath iontach ar Oíche an Chultúir sa Dánlann in 2017 agus cuireadh sár-chlár imeachtaí ar siúl agus chuaigh méadú ar chur chun cinn agus ar fheasacht ghinearálta chun sochair dó. Ba shoiléir go raibh an-tóir ar an tráthnóna i measc an phobail agus bhí stallaí bia taobh istigh agus amuigh agus baineadh an iomaí úsáid as go leor dánlann d'imeachtaí agus ceardlanna éagsúla, agus tháinig ardú 33 % ar na líonta a d'fhreastail.



Rinneadh obair shuntasach chun ár gcomhpháirtithe gnó cathrach agus cultúrtha a líonrú chun barr feabhais a chur ar phróifíl na Dánlainne. Ina theannta sin, cuireadh an Dánlann ar an ngearrliosta don Chatagóir Thurasóireachta, Ealaíon agus Imeachtaí do dhámhachtainí Chumann Gnó Chorcaí in 2017. Rinne cumarsáid bharrfheabhsaithe le féilte agus eagraíochtaí cultúrtha forbairt an lucht freastail a threisiú, faoi mar a thug na líonta an-mhéadaithe de chuairteoirí le fios.

In 2017, reáchtáil gach taispeántas feachtas tiomnaithe caidrimh phoiblí, a chuir le feasacht mhéadaithe agus líonta méadaithe cuairteoirí. Baineadh fógraíocht fhorleathan Teilifíse, Raidió agus chló amach i gcaitheamh na bliana a threisigh suíomh Dhánlann Ealaíne Crawford mar Institiúid Chultúrtha Náisiúnta thábhachtach.

CONFLICTING
VISIONS

Cuairteoirí

2016 2017

Cuairteoirí Uathúla ar Líne in 2016: 87,404
Cuairteoirí Uathúla ar Líne in 2017: 124,320



Cuairteoirí in 2016: 178,302
Cuairteoirí in 2017: 188,814

Na Meáin Shóisialta in 2016 i gcomparáid le 2017

2016 2017

Atreoruithe na Meán Sóisialta in

Meán-Aimsiú in 2016 i gcomparáid le 2017

Taispeántí sa Lá in 2016 i gcomparáid le 2017

Creidiúint Íomhánna

Grianghraf Cumhdaigh: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 4-5: © Grianghrafadóireacht Provision,
Turas Michael Waldron
Leathanach 6: © Grianghrafadóireacht Provision, an Dánlann Dealbhóireachta
Leathanach 7: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Rose McHugh
Leathanach 8: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Norma Cuddihy
Leathanach 10: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Dánlanna Gibson
Leathanach 11: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Mary McCarthy
Leathanach 12: © Foghlaim agus Fiosraigh, an Dánlann Dealbhóireachta
Leathanach 14: © Grianghrafadóireacht Provision, Dánlann Gibson
Leathanach 16: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 17: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 18: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 19: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 20: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 21: © Dánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 22: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Orla Barry, Breaking Rainbows
Leathanach 24: © Sigurgeir Sigurjónsson, Guilt Trip
Leathanach 25: © Grianghrafadóireacht Dara McGrath, Eileen Healy The Glen
Leathanach 26: © Jasmina Cibic
Leathanach 27: © Aideen Barry, Not to be Known
Leathanach 28: © Grianghrafadóireacht Provision, The Domestic Godless
Leathanach 29: © Grianghrafadóireacht Provision, Stones, Slabs and Seascapes: George Victor du Noyer's Images of Ireland
Leathanach 30: © Grianghrafadóireacht Provision, Stones, Slabs and Seascapes: George Victor du Noyer's Images of Ireland
Leathanach 31: © IAMACOSMONAUT, The Domestic Godless
Leathanach 32: © Grianghrafadóireacht Provision, an Dánlann Uachtarach
Leathanach 34: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 35: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 36: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 37: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 38: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 39: © Tom Spalding
Leathanach 40: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 41: © Foghlaim agus Fiosraigh
Leathanach 42-43: © Suirbhéanna Murphy, Aeríomhá Dhróin
Leathanach 44: © Cairde Dhánlann Ealaíne Crawford
Leathanach 46: © Caifé Dhánlann Crawford
Leathanach 47: © Grianghrafadóireacht Joleen Cronin, Caifé Dhánlann Crawford
Leathanach 48-49: © Grianghrafadóireacht Provision, Caifé Gairdín Dhánlann Crawford
Leathanach 51: © Grianghrafadóireacht Provision, an Dánlann Uachtarach
Leathanach 52-53: © Grianghrafadóireacht Provision, an Dánlann Uachtarach
Leathanach 54-55: © Grianghrafadóireacht Michael O'Sullivan, Dánlann Foyer
Leathanach 58-59: © Grianghrafadóireacht Jed Niezgoda, Dánlann Ealaíne Crawford istoíche

Cliceáil **anseo** chun ár ráiteas airgeadais a fheiceáil.

crawford art gallery cork
áiléar crawford chorcaigh